Athbhreithniú ar Dhéanmhais Chosanta

Tá Comhairle Contae Lú ag tabhairt faoi athbhreithniú ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta sa Chontae. Déanfar breithniú san athbhreithniú seo ar ábhar atá le cur leis an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta nó le scriosadh as agus ar leasuithe ar an taifead sin.

Bíodh do Dheis Labhartha Agat!

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe seo chuirfeadh an Chomhairle fáilte roimh ionchur ón bpobal ar fad. Áirítear leis seo úinéirí maoine a bhfuil a maoin ar áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta faoi láthair nó úinéirí maoine ar mhaith leo go gcuirfí a maoin san áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, ach gan a bheith teoranta do na daoine sin.

Ábhar na n-aighneachtaí

Chun cuidiú leis an bpróiseas athbhreithnithe bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh doiciméid tacaíochta amhail grianghraif agus réasúnaíocht san áireamh sna haighneachtaí (agus b'fhearr dá mba gairmí cuícháilithe a bhfuil taithí aige ar bhainistiú agus/nó caomhnú foirgneamh stairiúil a chuirfeadh an réasúnaíocht sin ar fáil) maidir leis an bhfáth ar cheart an foirgneamh nó an déanmhas a chur leis an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta nó a scrios as nó maidir leis an bhfáth a bhfuil gá le leasú a dhéanamh ar an tuairisc ar an bhfoirgneamh nó ar an déanmhas atá sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta.

Ba chóir léarscáil ar a thaispeántar suíomh na maoine a bheith san aighneacht.

Dáta deiridh don Chomhairliúchán

Ba cheart aighneachtaí a dhéanamh faoi 4.30pm Dé Céadaoin 30th Aibreán 2025.

Conas aighneacht a dhéanamh

Ba cheart aighneachtaí a dhéanamh trí mheán amháin mar seo a leanas:

- **Ar líne**tríd an tairseach um chomhairliúchán **https://consult.louthcoco.ie** ag úsáid an chnaipe **'Déan aighneacht'**

Nó

- **I scríbhinn**chuig: An Rannóg um Phleanáil Chun Cinn, Comhairle Contae Lú, Halla an Bhaile, Sráid an Chrócaigh, Dún Dealgan, Co. Lú A91 W20C

Ceisteanna Ginearálta

Má tá aon cheisteanna ginearálta agat maidir leis an gcomhairliúchán seo is féidir leat dul i dteagmháil leis an bhFoireann um Phleanáil Chun Cinn trí ríomhphost a sheoladh chuig forwardplanning@louthcoco.ie.